

Áine Uí Dhubhshláine - Tobar Mologa

©Áine Uí Dhubhshláine



Tá Tobar Mologa i gCorca Dhuibhne (Co Chiarraí)

Bí ag Léamh

Seo scéal atá ag muintir na háite faoi Thobar Mologa:

*Tobar beannaithe ab ea Tobar Mologa agus bhí iasc beannaithe ann.
Chuaigh bean go dtí Tobar Mologa lá amháin. Chuir sí a buicéad isteach sa tobar agus líon sí é le huisce. Thug an bhean an t-iasc abhaile léi sa bhucéad freisin. Nuair a tháinig sí abhaile thosaigh sí ag réiteach an dinnéir. Chuir sí an corcán ar an tine ach ní fhéadfaí an t-uisce a bheiriú.
Bhí ar an mbean dul ar ais agus an t-iasc a chaitheamh isteach sa tobar arís.*

Bí ag Smaoineamh/Bí ag Plé

An bhfeiceann tú an tobar sa phictiúr?

An bhfeiceann tú an chloch os a chionn? Céard a fheiceann tú ar an gcloch?

An bhfuil tobar nó caisleán nó aon áit stairiúil i do cheantar féin?

An bhfuil aon seanscéal ar eolas agat faoi thaibhse nó faoi na síoga?

Ar fhéach tú riamh ar an suíomh gréasáin **dúchas.ie**?

Tá scéalta ann (idir Bhéarla agus Ghaeilge) a bhailigh páistí scoile ó sheandaoine san 1930idí. Féach ar an suíomh seo agus déan cuardach. Is féidir leat do chontae a chur isteach nó is féidir leat topaic a chur isteach (mar shampla, *taibhse* nó *lios* nó *tobar* ...)

An bhfuil aon scéal spéisiúil ann ó do chontae féin?

Tá an tobar seo i gceantar Gaeltachta i gCo Chiarraí. An bhfuil cur amach agat ar an gceantar seo nó ar aon cheantar Gaeltachta eile? Ar thug tú cuairt ar cheantar Gaeltachta riamh?

Cluiche

Féach go cúramach ar an bpictiúr.

Imir *Feicim sa phictiúr seo rud a thosaíonn le guta* le do chairde

Imir *Feicim sa phictiúr seo rud a thosaíonn le consan*

Bí ag Scríobh/Bí ag Plé

1. Lig ort gur staraí tú. Inis scéal gairid faoi áit éigin i do cheantar féin nó faoi rud éigin a tharla i do cheantar fadó

nó

Roghnaigh scéal ar bith a thaitin leat ó **dúchas.ie** (nó is féidir leat do scéal féin a chumadh más fearr leat).

Scríobh dán nó scéal nó dráma beag faoi.

Is féidir leat é seo a úsáid mar thús, más mian leat ...

Úna: An rachaimid abhaile trí Pháirc na Sióg inniu, a Chonaill?

Conall: Maith go leor. B'fhéidir go bhfeicimid sióga.

Úna: Ní chreidim go bhfuil a leithéid ann.

Conall: Mise ach an oiread. Nílím ach ag magadh.

Scéalaí: Ar aghaidh leo beirt trasna na páirce. Go tobann, chuala siad Tic tac. Tic tac. Tic, tac. D'fhéach siad thart. Chonaic siad fear beag ina shuí faoi chrann i lár na páirce. Bhí cóta agus bríste glas air. Bhí hata glas air. Bhí bróg agus casúr ina lámha aige.

Úna: Cé tusa? ...

2. Déan pictiúr d'áit stairiúil i do cheantar féin

nó

Déan pictiúr a théann le do scéal (nó dán nó dráma)